

**RABHADH**

CAITHFEAR an Ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.

Scríobh do Scrúduimhir anseo ⇒



## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2016

DÉ CÉADAOIN, 22 MEITHEAMH      MAIDIN, 9:30 - 12:00

### EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – GNÁTHLEIBHÉAL (320 Marc)

Freagair **cúig** cheist **déag** as Cuid 1 agus **ceithre** cheist as Cuid 2.  
Níor cheart duit níos mó ná uair an chloig a chaitheamh le Cuid 1.

#### Cuid 1 (120 marc)

Freagair **cúig** cheist **déag**.  
Scríobh na freagraí sna spásanna atá ar fáil dóibh.  
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (8 marc).

#### Cuid 2 (200 marc)

Freagair **ceithre** cheist.  
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.  
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).  
Ná scríobh freagraí Chuid 2 ar an gceistpháipéar seo.

## CUID 1 (120 marc)

Freagair **cúig** cheist **déag**.

Scríobh na freagraí sna spásanna atá ar fáil dóibh.

Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (8 marc).

1. Bain úsáid as **trí** cinn de na cúig fhocal thíos chun sainmhíniú na hEacnamaíochta a chomhlánú.

**MALARTACH      GANN      SÓISIALTA      NÁDÚRTHA      IMEALLACH**

**Sainmhíniú:** ‘Is eolaíocht \_\_\_\_\_ í an Eacnamaíocht ina ndéantar staidéar ar chionroinnt acmhainní \_\_\_\_\_ a bhfuil feidhmeanna \_\_\_\_\_ acu.’

2. (i) Is gnách an tInnéacs Praghsanna Do Thomhaltóirí a úsáid chun seo a thomhas: (cuir tic (✓) le freagra **amháin**)  
 Fás geilleagrach       Iontaoibh tomhaltóirí       Boilsciú
- (ii) Má thiteann ráta an bhoilscithe ó 4% go 2%, ansin bíonn leibhéal ginearálta na bpraghsanna: (cuir tic (✓) le freagra **amháin**)  
 Ag titim       Ag ardú       Ina fhadhb thromchúiseach eacnamaíochta

3. Luaigh sampla **amháin** de **gach ceann** díobh seo a leanas as táirgeadh na talmhaíochta.

- (i) Earra in ionad caorach sa táirgeadh: \_\_\_\_\_  
(ii) Earra comhlántach le grán eorna sa táirgeadh: \_\_\_\_\_


4. Is é praghasleasteachas an éilimh (PED) ar Earra X ná – **1.5** agus is é leasteachas ioncaim an éilimh (YED) air ná **+1.5**. Cuir **ciorcal** thart ar an bhfocal ceart i **ngach cás** chun an abairt seo a leanas a chríochnú.

‘Ciallaíonn sé sin go bhfuil Earra X **leasteach / neamhleasteach** i dtaca le praghas de agus gur earra **sóchais / lagmheasa** é.’

5. Líon isteach na focail atá in easnamh sa ráiteas thíos.

‘Ríomhtar glanfhiúchas, nó cothromas, óna mbíonn sna cuntais feirme. Is é atá ann ná an difríocht ó thaobh luacha de idir iomlán na \_\_\_\_\_ agus iomlán na \_\_\_\_\_.’

6. Líon isteach na trí spáis **A**, **B**, agus **C** thíos agus críochnaigh slabhra soláthair an bhia i gcás na cáise.



7. Cén tslí is dócha a rachadh titim ghinearálta i luach an euro (€) in aghaidh airgeadraí eile i bhfeidhm ar **gach ceann** díobh seo a leanas? (cuir tic (✓) le freagra **amháin** i **ngach cás**)

- |   | Méadú                    | Laghdú                   | Gan athrú                |
|---|--------------------------|--------------------------|--------------------------|
| (i) An chainníocht de mhairteoil na hÉireann a d’éileodh tomhaltóirí sa Ríocht Aontaithe. | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |
| (ii) An praghas ar im na hÉireann in ollmhargaí sa Spáinn.                                | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> | <input type="checkbox"/> |

8. Luaigh **dhá** shlí ar féidir aistriú fadtéarma talún a chur i gcrích in Éirinn.

(i) \_\_\_\_\_

(ii) \_\_\_\_\_

9. (i) Críochnaigh an ráiteas seo a leanas:

‘In 2015, tugadh isteach Scéim na Glasíocaíochta agus Scéim na B\_\_\_\_\_íocaíochta  
in ionad Scéim na hAoníocaíochta Feirme a bhí ag an AE.’

(ii) Ainmnigh an institiúid oifigiúil náisiúnta óna bhfaigheann feirmeoirí na hÉireann  
a gcuid íocaíochtaí.

\_\_\_\_\_

10. Sainmhíneadh an téarma ‘Lucht Saothair’ agus luaigh cén suirbhé náisiúnta (seachas an Daonáireamh)  
a úsáideann an Phríomh-Oifig Staidrimh chun a mhéid a mheas.

(i) **Sainmhíniú:** \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

(ii) **Suirbhé náisiúnta:** \_\_\_\_\_

11. Cuir **ciorcal** thart ar an bhfocal ceart i **ngach** **cás** chun an ráiteas seo a leanas a chríochnú.

‘Is tomhas ar **leachtacht / sócmhainneacht** é cóimheas na bhfiachas le glanfhiúchas, agus  
is féidir é a ríomh ó na sonraí i **gclár comhardaithe / i gcuntas brabúis agus cailteanais** na feirme.’

12. Cuir **ciorcal** thart ar an bhfocal ceart i **ngach** **cás** chun an ráiteas seo a leanas a chríochnú.

‘Is é is treoir ón AE ann ná reachtaíocht atá **ceangailteach / neamhcheangailteach** ar Bhallstáit  
i dtaca leis na torthaí atá le cur i gcrích agus **ceangailteach / neamhcheangailteach**  
i dtaca leis na modhanna atá le húsáid d’fhonn na torthaí seo a bhaint amach.’

13. Taispeánann an tábla seo a leanas an fhreagairt in aschur Y d’aonaid d’ionchur X a fhad is a fhanann  
na hionchuir eile gan athrú.

Aonaid d’ionchur X	3	4
Aonaid d’aschur Y	15	24

Bain úsáid as na luachanna sa tábla chun an luach ceart a aithint i **ngach** ceann díobh seo a leanas.  
(cuir tic (✓) le freagra **amháin** i **ngach** **cás**)

(i) An meán-aschur ó 3 aonad d’ionchur X:  3 aonad  4 aonad  5 aonad

(ii) Aschur imeallach an 4ú aonad d’ionchur X:  6 aonad  9 n-aonad  12 aonad

14. (i) Mínigh cad is ciall de ghnáth le ‘Stocaireacht Pholaitíochta’. \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

(ii) Ainmnigh eagraíocht **amháin** a dhéanann stocaireacht thar ceann fheirmeoirí na hÉireann.

\_\_\_\_\_

15. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shochar atá le baint ag feirmeoirí as táirgí atá ar cháilíocht dhearbhaithe dheimhnithe a tháirgeadh.

(i) \_\_\_\_\_

(ii) \_\_\_\_\_

16. Cuir in iúl cé acu fíor nó bréagach atá **gach** ceann de na ráitis seo a leanas. (cuir tic (✓) le freagra **amháin** i ngach cás)

	Fíor	Bréagach
(i) Is tionscal príomhúil é an talmhaíocht.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
(ii) Déantar brabús a uasmhéadú i gcónaí nuair a uasmhéadaítear an t-aschur.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
(iii) Tá soláthar na talún le haghaidh na feirmeoireachta an-neamhleaisteach ó thaobh praghais de.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

17. Cén céatadán go neasach de **gach** ceann de na torthaí náisiúnta seo a leanas ar sholáthair earnáil an graibhia na hÉireann é in 2014? (cuir tic (✓) le freagra **amháin** i ngach cás)

(i) An t-aschur náisiúnta	<input type="checkbox"/> 3%	<input type="checkbox"/> 8%	<input type="checkbox"/> 27%
(ii) Na heaspórtálacha náisiúnta d'earraí marsantachta	<input type="checkbox"/> 13%	<input type="checkbox"/> 25%	<input type="checkbox"/> 38%

18. Sainmhínigh an téarma 'Deischostas' agus tabhair sampla i gcomhthéacs na feirmeoireachta.

(i) **Sainmhíniú:** \_\_\_\_\_


\_\_\_\_\_

(ii) **Sampla:** \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

19. Taispeánann an phíchart líon iomlán an eallaigh, na gcaorach, agus na muc in Éirinn i Meitheamh 2015. Comhlánaigh an tábla thíos agus taispeáin cén t-ainmhí a seasann na teascáin X, Y agus Z sa phíchart dó. Ní ceadmhach aon ainmhí díobh a lua sa tábla níos mó ná aon uair amháin.

Lipéad ar an bpíchart	Líon na n-ainmhithe	Ainmhí
X	1.5 milliún	
Y	5.2 milliún	
Z	7.0 milliún	



20. Tabhair sampla **amháin** de **gach** ceann díobh seo a leanas i gcomhthéacs na feirmeoireachta.

(i) Sócmhainn reatha: \_\_\_\_\_

(ii) Fiachas reatha: \_\_\_\_\_

(iii) Sócmhainn sheasta: \_\_\_\_\_

(iv) Fiachas fadtéarma: \_\_\_\_\_

NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA (bh)FREAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDTEAR CHUN NA CEISTEANNA I gCUID 2 A FHREAGAIRT

## CUID 2 (200 marc)


Freagair **ceithre** cheist.

Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.

Tá na ceistanna ar fad ar aon mharc (50 marc).

**Ná** scríobh freagraí Chuid 2 ar an gceistpháipéar seo.

1. Taispeánann an léaráid thíos cuar éilimh agus cuar soláthair an mhargaidh i gcás an bhainne san AE.




- (a) (i) Déan cóip den léaráid i do fhreagarleabhar. Lipéadaigh an dá ais **agus** cuar an éilimh (D1) **agus** cuar an tsoláthair (S1) i gcás an bhainne.
- (ii) Sainaithin praghas cothromaíochta (P1) **agus** cainníocht chothromaíochta (Q1) an bhainne ar do léaráid.
- (b) Cuir i gcás go dtagann méadú ar an éileamh ar bhainne san AE, agus go mbogann cuar an éilimh de thoradh air sin.
- (i) Luaigh cúis **amháin** a d'fhéadfadh a bheith le méadú ar an éileamh ar bhainne san AE.
- (ii) Taispeáin an méadú sin ar an éileamh ar do léaráid. Cuir an lipéad D2 ar an gcuar nua seo.
- (iii) Sainaithin ar do léaráid an praghas nua (P2) agus an chainníocht nua (Q2) de bhainne a tháirgfear ar mhargadh an AE.
- (iv) Déan cur síos ar an tslí a rachadh an méadú ar an éileamh i bhfeidhm ar phraghas an mhargaidh ar an mbainne **agus** ar chainníocht an bhainne ar an margadh.
- (c) Cuireadh deireadh le cuótaí an AE le haghaidh táirgeadh bainne in Aibreán 2015. Tabhair breac-chuntas ar an tslí is dócha a rachaidh sé sin i bhfeidhm ar sholáthar agus ar phraghas an bhainne san AE. **[50 marc]**

2. Tá feirmeoir ag smaoineamh ar a thréad bó bainne a mhéadú agus táirgeadh na heorna a bhíonn ar díol aige a laghdú. Tuillfidh sé ioncam breise agus beidh costais bhreise aige de bharr a thréad bó bainne a mhéadú. Ag an am céanna scaoilfidh sé thairis (i.e. caillfidh sé) ioncam agus spárálfaidh sé costais toisc go mbeidh níos lú eorna á táirgeadh aige. Taispeántar thíos páirt-bhuiséad achomair a bhfuil na tosca seo uile curtha san áireamh ann.

Páirt-Bhuiséad (€ in aghaidh na bliana)				
<i>Gnóthachain ar na ba breise / níos lú eorna</i>		<i>Cailteanas ar na ba breise / níos lú eorna</i>		
<b>A.</b>	Ioncam breise	20,000	<b>C.</b> Costais bhreise	
<b>B.</b>	Costais choigilte	5,000	<b>D.</b> Ioncam tarscaoilte	
<b>Iomlán na ngnóthachan</b>		<b>X</b>	<b>Iomlán na gcaillteanas</b>	
		<b>Y</b>		
<b>Gnóthachan / Cailteanas Glan = Z</b>				

- (a) Luaigh mír **amháin** a d'fhéadfaí a chur isteach faoi **gach** ceann de na ceannteidil **A, B, C,** agus **D** i gcás na feirme seo.
- (b) Ríomh iomlán na ngnóthachan (**X**), iomlán na gcaillteanas (**Y**), agus gnóthachan / cailteanas glan (**Z**) na feirme seo.
- (c) Bunaithe ar an eolas sa pháirt-bhuiséad seo, ar chóir don fheirmeoir dul ar aghaidh leis an athrú molta ar a chóras feirmeoireachta? Mínigh do fhreagra.
- (d) Seachas na gnéithe airgeadais atá sa pháirt-bhuiséad, mínigh toisc **amháin** eile ar chóir don fheirmeoir í a chur san áireamh agus é ag smaoineamh ar bhreis bó bainne a choinneáil agus níos lú eorna a tháirgeadh. **[50 marc]**

3. Taispeánann an léaráid thíos cuair chostais agus cuair ioncain le haghaidh gnáthfheirm dhéiríochta. Tá na lipéid **A**, **B**, Costais Iomlána, agus Ioncam Iomlán ar na cuair.



- (a) Sainaithin cé acu ceann de na cuair chostais **A** agus **B** a léiríonn Iomlán na gCostas Athraitheach agus cé acu ceann díobh a léiríonn Iomlán na gCostas Seasta. Mínigh do fhreagra i **ngach** cás.
- (b) Luaigh sampla **amháin** d'earra a bhfuil costas athraitheach air **agus** sampla **amháin** d'earra a bhfuil costas seasta air a d'fhéadfadh a bheith i gceist ar an bhfeirm dhéiríochta seo.
- (c) Sainmhínigh an téarma 'Ioncam Iomlán'.
- (d) Nuair a bhíonn aschur nialasach ann, mínigh cén fáth a mbíonn:
- An t-ioncam iomlán cothrom le nialas
  - Iomlán na gcostas níos mó ná nialas.
- (e) Agus tú ag tagairt don léaráid thuas, sainaithin i gcás na feirme seo:
- Leibhéal an aschuir a thugann an brabús is mó is féidir
  - Aschur ar leibhéal meá ar mheá
  - Raon aschuir ina mbeadh cailteanas ag an bhfeirm.

[50 marc]

4. (a) Tabhair **trí** shampla d'earraí caipitil a mbaintear úsáid astu i dtáirgeadh talmhaíochta na hÉireann.
- (b) Mínigh cén fáth a mbeidh gá le foirmiú caipitil (i.e. breis infheistíochta caipitiúla) i dtalmhaíocht na hÉireann sna blianta atá romhainn amach.
- (c) Luaigh foinse **amháin** airgeadais ar féidir leas a bhaint aisti chun foirmiú caipitil ag leibhéal na feirme a mhaoiniú. Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste **amháin** agus ar phriacal **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an bhfoinse seo.
- (d) Tá dul chun cinn suntasach déanta sna teicneolaíochtaí nua faisnéise agus cumarsáide (ICT) nó sna teicneolaíochtaí cliste, mar a thugtar orthu. Tabhair breac-chuntas ar shampla **amháin** den dóigh ar féidir le teicneolaíochtaí nua cur le bainistíocht feirme.

[50 marc]

5. (a) Mínigh an difríocht idir ‘Ionchuir de Thosca Táirgeachta’ agus ‘Ionchuir Idirmheánacha’ de réir mar a bhaintear úsáid astu in earnáil na feirmeoireachta.


(b) Is féidir ionchuir áirithe a mbaintear úsáid astu san fheirmeoireacht a chatagóiriú mar seo:

A.	B.	C.
Ionchuir a tháirgtear agus a úsáidtear de ghnáth san fheirmeoireacht	Ionchuir nach dtáirgtear san fheirmeoireacht ach a úsáidtear go príomha san fheirmeoireacht	Ionchuir nach dtáirgtear san fheirmeoireacht agus a úsáidtear in earnálacha eile chomh maith leis an bhfeirmeoireacht

Luaigh cé acu ceann de na catagóirí **A**, **B**, nó **C** thuas lena mbaineann **gach** ceann de na hionchuir seo a leanas:

- (i) Bia grán-bhunaithe d’ainmhithe
- (ii) Díosal
- (iii) Leasacháin
- (iv) Seirbhísí cuntasáíochta
- (v) Táirgí cosanta barr.

(c) Taispeánann an graf thíos an praghas fírinneach ar Leictreachas, ar Leasacháin, agus ar Speansais Tréidliachta a bhí le hóc ag feirmeoirí na hÉireann ó 2005. Baineadh tionchar an bhoilscithe ghinearálta as gach sraith. (Foinse: POS)



Déan plé ar **gach** sraith díobh agus bíodh tagairt agat do **gach** ceann díobh seo a leanas.

- (i) An treocht fhoriomlán sa praghas fírinneach ó 2005
- (ii) Luaineacht (i.e. athruithe) sa praghas fírinneach ó 2005.

[50 marc]

6. Is dhá eagraíocht iad seo a leanas a bhfuil tábhacht ag baint leo i dtaca le talmhaíocht na hÉireann:

- (a) Teagasc
- (b) An Bord Bia.

Déan plé ar **gach** ceann de na heagraíochtaí sin agus bíodh tagairt agat dóibh seo:

- (i) Príomhchuspóir na heagraíochta
- (ii) Príomh-fheidhmeanna na heagraíochta
- (iii) Na sochair a bhaineann feirmeoirí as gníomhartha na heagraíochta.

[50 marc]

NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN /NA (bh)FREAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDTEAR CHUN NA CEISTEANNA I gCUID 2 A FHREAGAIRT

# Leathanach Bán